Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11391/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0407 (COD)**

**TRANS 479**
**CH 27**
**CODEC 1373**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-CHINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena dtugtar de chumhacht don Ostair an comhaontú déthaobhach um iompar de bhóthar atá aici leis an Eilvéis a leasú d'fhonn oibríochtaí cabatáiste a údarú le linn soláthar seirbhísí iompair idirnáisiúnta do phaisinéirí ar chóiste agus ar bhus sna réigiúin teorann idir an dá thír **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 18 Nollaig 2025, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], bunaithe ar Airteagail 2(1) agus 91 CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 21 Eanáir 2026[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a thabhairt uaidh.

4. An 7 Iúil 2026, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún[3]. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú ar tháinig na hinstitiúidí air maidir leis an togra ón gCoimisiún a ghabháil chuici féin le roinnt coigeartuithe agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis.

[1] 17048/25.
[2] IO C, C/2026/1970, 28.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/1970/oj.
[3] 11459/26.

5. Iarrtar, dá bhrí sin, ar Choiste na mBuanionadaithe a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 37/26 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar an gníomh reachtach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.